Conradh na Gaeilge

# Aighneacht Chonradh na Gaeilge

don

# Chomhairliúchán ar Straitéis Litearthachta, Uimhearthachta agus Litearthachta Digití

Eanáir 2023

## INTREOIR

Cuireann Conradh na Gaeilge fáilte roimh an deis seo aighneacht a chur isteach maidir le Comhairliúchán ar Straitéis Litearthachta, Uimhearthachta agus Litearthachta Digití.

Is é Conradh na Gaeilge fóram daonlathach phobal na Gaeilge agus saothraíonn an eagraíocht ar son na teanga ar fud na hÉireann uile agus timpeall na cruinne. Is í príomhaidhm na heagraíochta an Ghaeilge a athréimniú mar ghnáth-theanga na hÉireann. Ó bunaíodh é ar 31 Iúil 1893 tá baill an Chonartha gníomhach ag cur chun cinn na Gaeilge i ngach gné de shaol na tíre, ó chúrsaí dlí agus oideachais go forbairt meán cumarsáide agus seirbhísí Gaeilge.

Tá Conradh na Gaeilge roghnaithe ag Foras na Gaeilge, an foras uile oileánda ag feidhmiú ar son an dá Rialtas thuaidh agus theas leis an nGaeilge a chur chun cinn, mar cheann de na sé cheanneagraíocht atá maoinithe acu leis an nGaeilge a fhorbairt ar oileán na hÉireann. Go príomha, tá Conradh na Gaeilge roghnaithe le tabhairt faoi chosaint teanga, ionadaíocht agus ardú feasachta ar an Ghaeilge. Tá 180 craobh agus iomaí ball aonair ag Conradh na Gaeilge, agus bíonn baill uile an Chonartha ag saothrú go dian díograiseach chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn ina gceantair féin. Tá breis eolais faoi obair an Chonartha le fáil ag www.cnag.ie.

## CUR CHUIGE NA HAIGHNEACHTA

Leagtar amach sa Plépháipear don Straitéis Litearthachta, Uimhearthachta agus Litearthachta Digití na príomhthoscaí a bheidh mar bhunús ag an Stráitéis nua. Déanfaidh an aighneacht seo moltaí Chonradh na Gaeilge a léirmhíniú faoi theideal na bpríomhthoscaí ar mhaithe le soiléireachta:

1. Tuismitheoirí agus Pobail a Chumasú chun Tacú le Forbairt Litearthachta agus Uimhearthachta na Leanaí
2. Tacú le Cleachtas Gairmiúil agus Scileanna Ceannaireachta Múinteoirí agus Cleachtóirí i gCúram agus Oideachas na Luathóige
3. Feabhas a Chur ar an gCuraclam agus ar an Eispéireas Foghlama
4. Tacú le Scoláirí a Bhfuil Riachtanais Éagsúla Acu Barr a gCumas a Bhaint Amach
5. Feabhas a Chur ar an Measúnú agus ar an Meastóireacht chun Tacú le Foghlaim níos Fearr sa Litearthacht, Uimhearthacht agus Litearthacht Dhigiteach
6. Litearthacht Dhigiteach

## TUISMITHEOIRÍ AGUS POBAIL A CHUMASÚ CHUN TACÚ LE FORBAIRT LITEARTHACHTA AGUS UIMHEARTHACHTA NA LEANAÍ

- Go mbeidh an Ghaeilge le háireamh i ngach feachtas poiblíochta, ar fud na meán go léir maidir leis an straitéis. Tá tábhacht ar leith leis seo toisc gur sainaithníodh bearna faisnéise maidir le feasacht an phobail ar sheirbhísí trí Ghaeilge sna grúpaí fócais a reáchtáil SOLAS don Stráitéis 'Adult Literacy for Life.' (Tuairisc Chomhairliúcháin ar fáil anseo.)
- Go gcuirfidh na húdaráis ábhartha, an Bord Oideachais agus Oiliúna san áireamh, seirbhísí Litearthachta, Uimhearthachta agus Litearthachta Digití trí Ghaeilge ar fáil don phobal.
- Go gcuirfear ranganna agus tacaíochtaí Gaeilge ar fáil do thuismitheoirí/caomhnóirí ionas gur féidir leo ról gníomhach a ghlacadh i sealbhú teanga a bpáistí.
- Go gcruthófar ábhar tacaíochta i nGaeilge nádúrtha atá furasta a thuiscint sna 3 mhór-chanúint.
- Go mbainfear úsáid as "Gaeilge Shimplí" agus foirmeacha atá inléite don ghnáthphobal.

- Go mbeidh cáipéisí agus foirmeacha maidir le seirbhísí dátheangach, agus an dá theanga in úsáid “taobh le taobh” lena chéile, seachas cáipéisí ar leith don Ghaeilge agus don Bhéarla.
- Go gcuirfear cláir oiliúna shonracha ar fáil d’fhoirne gníomhaireachtaí a chuireann seirbhísí pobail ar fáil le tréimhsí Forbairt Ghairmiúil Leanúnach sa Ghaeltacht agus ranganna a thagann leis an CEFR.

## TACÚ LE CLEACHTAS GAIRMIÚIL AGUS SCILEANNA CEANNAIREACHTA MÚINTEOIRÍ AGUS CLEACHTÓIRÍ I GCÚRAM AGUS OIDEACHAS NA LUATHÓIGE

**Ba cheart an caighdeán inniúlachta sa Ghaeilge a theastaíonn ó mhúinteoirí agus cleachtóirí i gcúram agus oideachas na luathóige ag gach leibhéal den chóras oideachais a leagan amach go sonrach bunaithe ar Chomhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha (CEFR).**

- Bunchaighdeán Gaeilge, leibhéal B2 ar an bhFráma Tagartha Comónta Eorpach a bheith ag múinteoirí na naíonraí agus tacaíocht a chur ar fáil do na múinteoirí reatha leis seo a bhaint amach mura bhfuil sé acu cheana féin
- Go gcuirfear cláir oiliúna shonracha ar fáil d’fhoirne scoileanna/suíomhanna oideachas luathóige le tréimhsí Forbairt Ghairimiúil Leanúnach sa Ghaeltacht agus ranganna a thagann leis an CEFR.
- Go méadófar líon na múinteoirí/cleachtóirí i gcúram agus oideachas na luathóige atá in ann a bheith ag obair trí Ghaeilge/i scoileanna lán-Ghaeilge trí chur leis an soláthar de chúrsaí oiliúna tosaigh mhúinteoirí atá ar fáil trí mheán na Gaeilge.

## FEABHAS A CHUR AR AN GCURACLAM AGUS AR AN EISPÉIREAS FOGHLAMA

**Ba cheart cur chuige iomlánaíoch a fhorbairt i leith curaclaim agus measúnaithe mar chuid de pholasaí comhtháite agus comhleanúnach don Ghaeilge sa chóras oideachais ón oideachas luath-óige go dtí an tríú leibhéal. Ba cheart go mbainfeadh an polasaí leas as Comhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha (CEFR) chun tacú le trédhearcacht, leanúnachas agus dul chun cinn i bhfoghlaim na Gaeilge ó gach céim den chóras oideachais go dtí an chéad chéim eile.**

- Tá gá le tacaíocht bhreise do scoileanna le cabhrú leis an teanga ó bhéal, an teanga chognaíoch agus an teanga shóisialta – de réir mar a d’aithin na cigirí scoile (Tuarascáil Ilchodach na Cigireachta, lch. 6)
- Ní mór tacaíocht foghlama a bheith ar fáil do gach dalta i nGaelscoil/Gaelcholáiste a bhfuil sé ag teastáil uathu, agus go mbeadh an tacaíocht sin ar fáil i nGaeilge
- Go gcuirfear rogha téacsleabhar agus acmhainní cuí as Gaeilge ar fáil i ngach ábhar agus chuige sin níos mó acmhainní a chur ar fáil do COGG chun na téacsleabhar agus na hacmhainní a fhorbairt.
- COGG a choimisiúnú, i gcomhar leis an CNCM, le hábhair acmhainne a ullmhú do scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla, a fheabhsóidh teagasc na Gaeilge. (Athbhreithniú Eatramhach 2011 – 2016 den Straitéis Náisiúnta : Litearthacht agus an Uimhearthacht don fhoghlaim don saol 2011-2020)
- Go méadófar uaireanta mhúineadh na Gaeilge sna bunscoileanna
- Ba cheart go leathnófar an úsáid a bhaintear as Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha (FCÁT) i mbunscoileanna.

## TACÚ LE SCOLÁIRÍ A BHFUIL RIACHTANAIS ÉAGSÚLA ACU BARR A GCUMAS A BHAINT AMACH

**Ba cheart go mbunófar polasaí don oideachas Gaeilge ar oideachas ionchuimsitheach a fhreastalaíonn ar riachtanais na ndaltaí, agus nach spreagann / éascaíonn eisiamh**

- Is croí-phrionsabal de chur chuige an CEFR i leith fhoghlaim agus measúnú teanga é **aitheantas a thabhairt do pháirt-chumais agus próifílí inniúlachta míchothroma na bhfoghlaimeoirí sna scileanna teanga**. D'fhéadfadh cur chuige bunaithe ar an CEFR deis a thabhairt d'fhoghlaimeoirí le riachtanais bhreise litearthachta díriú ar scileanna cumarsáide labhartha sa Ghaeilge, agus aitheantas agus teastasú a bhaint amach do na scileanna sin - rud a thabharfadh rochtain dóibh ar fhoghlaim na Gaeilge de réir a gcuid riachtanas agus cumas.
- Ní mór tacaíocht foghlama a bheith ar fáil do gach dalta i nGaelscoil/Gaelcholáiste a bhfuil sé ag teastáil uathu, agus go mbeadh an tacaíocht sin ar fáil i nGaeilge

## FEABHAS A CHUR AR AN MEASÚNÚ AGUS AR AN MEASTÓIREACHT CHUN TACÚ LE FOGHLAIM NÍOS FEARR SA LITEARTHACHT, UIMHEARTHACHT AGUS LITEARTHACHT DHIGITEACH

**Chun tacú le foghlaim éifeachtach teanga, tá sé ríthábhachtach a chinntiú go gcothaíonn na córais mheasúnaithe agus scrúdaithe forbairt na scileanna teangacha atá de dhíth ar dhaltaí ionas gur féidir leo an teanga a úsáid go muiníneach go laethúil.** Caithfear mar sin eolas agus samplaí sonracha faoi na cineálacha tascanna a bheadh in úsáid chun measúnú a dhéanamh ar na daltaí sna scrúduithe a fhorbairt i gcomhar le dréacht-sonraíochtaí nua chun a chinntiú go bhfuil **spriocanna na sonraíochtaí agus na n-ionstram measúnaithe ailínithe mar is ceart.**

- Tá scrúduithe caighdeánaithe riachtanach don Bhéarla agus don Mhatamaitic i mbunscoileanna lán-Bhéarla, ach níl aon scrúdú caighdeánaithe riachtanach don Ghaeilge sna scoileanna seo. Ciallaíonn sé seo nach bhfuil eolas bunlíne náisiúnta ar fáil maidir leis an gcaighdeán a bhaineann daltaí amach tar éis 8 mbliana d'fhoghlaim teanga i mbunscoileanna lán-Bhéarla. Chuirfeadh soláthar an eolais seo go mór le héifeachtacht Churaclam Teanga na Bunscoile. Is gá dul i ngleic leis an bhfadhb seo go práinneach.

## LITEARTHACHT DHIGITEACH

- Go mbeidh na córais oibriúcháin, na haipeanna, agus na bogearraí a bhíonn in úsáid i scoileanna lán-Ghaeilge ar fáil i nGaeilge.
- Go mbeidh gach foirm ar líne in ann an síneadh fada a ghlacadh agus in ann logainmneacha áitiúla a aithint.
- Go dtógfar na moltaí ón **bPlean Digiteach don Ghaeilge: Teicneolaíochtaí Urlabhra agus Teanga 2023-2027** san áireamh: mar shampla, 'imeachtaí ina ndírítear go háirithe ar aos óg na Gaeltachta, m.sh. cuairteanna ó lucht taighde ar scoileanna Gaeltachta; ceardlanna do pháistí agus do dhéagóirí inar féidir leo spraoi leis na háiseanna; cuireadh chuig shaotharlanna taighde do dhaltaí na hidirbhliana – a léiríonn don aos óg na réimsí oiliúna tríú leibhéal agus féidearthachtaí gairme i bhforbairt teicneolaíochta na Gaeilge.' (lth. 117)

## MOLTAÍ EILE: STRAITÉISÍ AGUS POLASAITHE

Déanann an Plépháipear (lth. 10) tagairt do straitéisí agus do pholasaithe a bheidh á meas agus an Stráitéis nua á forbairt. Molann Conradh na Gaeilge go mbeadh na straitéisí agus polasaithe seo a leanas san áireamh:

- Cuireann **An Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge agus an Plean Feidhmithe** cur chuige comhtháite, iomlánaíoch i leith na Gaeilge chun cinn, i gcomhréir le dea-chleachtas idirnáisiúnta. Is fiú aird a thabhairt ar an tagairt seo don CEFR sa Straitéis: "Éilíonn

nuálaíochtaí sa churaclam go ndéanfaí forbairt ar ionstraimí agus ar nósanna imeachta cuí le measúnú a dhéanamh ar fhoghlaim na Gaeilge. Féadfar nasc tairbhiúil a dhéanamh le Comhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha le sainmhíniú a dhéanamh ar na caighdeáin teanga agus chumarsáide a fhíorófar faoi na nósanna imeachta measúnaithe."

- **Plean Straitéiseach na Roinne Oideachais 2022-2023** atá tiomanta do chur chun cinn fhoghlaim na Gaeilge trí infheistíocht leanúnach a dhéanamh san oideachas lán-Ghaeilge agus trí dhíriú ar an gcuraclam. Déanann an plean tagairt shonrach do **Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge** agus an Plean Feidhmithe chomh maith leis an bPolasaí don Oideachas Gaeltachta, Languages Connect agus Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol
- **Polasaí an Rialtais don Oideachas Gaeltachta 2017 - 2022** a aithníonn go bhfuil gá le nuálaíocht a chur chun cinn, agus aitheantas a thabhairt do bharr feabhais, d'éachtanna a bhaintear amach, do chuir chuige agus do thionscnaimh rathúla i scoileanna ar mhaithe leis na daltaí.
- **Plean Digiteach don Ghaeilge: Teicneolaíochtaí Urlabhra agus Teanga 2023-2027**
- **Ireland: Language Education Policy Profile, 2008**
- **Languages Connect: Straitéis na hÉireann do na Teangacha Iasachta san Oideachas 2017-26**
- **Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021** atá tiomanta don sprioc go mbeidh 20% ar a laghad den fhoireann a earcófar chuig comhlachtaí poiblí inniúil ar an nGaeilge faoi dheireadh 2030. Bunófar an leibhéal inniúlachta seo ar an CEFR.